# Nuachtlitir Oideachas Reiligiúnach na Sraithe Sóisearaí - Bealtaine 2022

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
Junior CYCLE for teachers

@jct_RE    www.jct.ie    info@jct.ie

**A Chomhghleacaithe OR, a chara,**
Fáilte go heagrán mhí na Bealtaine de nuachtlitir OR na sraithe sóisearaí, an ceann deireanach inár scoilbhliain. Bhí foireann OR SSM thar a bheith sásta leis an leibhéal rannpháirtíochta le linn na bliana gnóthacha a bhí ann. An mhí seo, déanfaimid iniúchadh ar an gceann deireanach d'ocht bprionsabal na sraithe sóisearaí, an Leanúnachais agus na Forbartha, chomh maith le hailt ar theicneolaíocht sa seomra ranga agus OR agus na hEalaíona.

**Imeachtaí agus ceiliúradh atá le teacht i mí na Bealtaine ón bhféilire idirchreidimh**

| | |
|---|---|
| **1ú-2ú** | **Eid al-Fitr - Ioslam** |
| **8ú** | **Breithlá Buddha- Búdachas** |
| **9ú** | **Lá na hEorpa** |
| **16ú** | **Vesak - Búdachas** |
| **26ú** | **Lá Fhéile na Deascabhála an Chríostaíocht** |

## Lá na hEorpa

Ceiliúrann an tAontas Eorpach Lá na hEorpa an 9 Bealtaine. Is é an dáta seo comóradh Fhorógra Schuman 1950, a mheastar a bheith ar an gcéad chéim oifigiúil i gcruthú an Aontais Eorpaigh anois. I gcomhthráth leis sin, tá acmhainn cruthaithe ag foireann OR a dhéanann ceiliúradh ar reiligiúin, creidimh agus luachanna na hEorpa, le béim ar leith ar thorthaí foghlama 1.11 agus 3.1 lena n-áirítear acmhainní do scoláirí CFL2.




Cliceáil anseo le do thoil chun treoracha a fháil maidir le rochtain a fháil ar an acmhainn a chuirfidh ar chumas na scoláirí féachaint ar luachanna an Aontais Eorpaigh agus ar éagsúlacht an chreidimh reiligiúnaigh atá le fáil san AE. Is eispéireas foghlama idirghníomhach é a mheallfaidh gach foghlaimeoir sa seomra OR.

## Straitéis Dhigiteach do Scoileanna


Tá an Roinn Oideachais díreach tar éis a Straitéis Dhigiteach nua do Scoileanna a sheoladh atá dírithe ar theicneolaíochtaí digiteacha a leabú inár scoileanna.



Samhlaíonn an straitéis todhchaí ina mbeidh go leor deiseanna ag ár scoláirí leas a bhaint as an teicneolaíocht ina gcuid foghlama, agus príomhscileanna a fhorbairt don saol digiteach. Lean an nasc anseo chun forléargas gairid a fháil ar an straitéis. Tá téacs iomlán na tuarascála ar fáil anseo.
Inár nuachtlitir mhíosúil, tá roinnt uirlisí teicneolaíochta tugtha isteach ag foireann OR chun cabhrú le rannpháirtíocht leis an gcruthaitheacht agus leis na príomhscileanna eile sa seomra OR. Is féidir na huirlisí digiteacha seo a úsáid freisin chun teagasc, foghlaim agus comhoibriú a fheabhsú ar líne agus sa seomra ranga fisiceach araon:
https://www.jct.ie/perch/resources/religiousedu/re-digital-technology-resources-2020-2022.pdf

## Príomhphrionsabal: Leanúachas agus na Forbartha

An mhí seo, díreoimid ar phríomhphrionsabal an Leanúnachais agus na Forbartha An mhí seo, díreoimid ar phríomhphrionsabal an Leanúnachais agus na Forbartha. Nótáiltear sa *Chreat don tSraith Shóisearach* (2015), leathanach 11: "Cuireann curaclam, measúnú, teagasc agus foghlaim ar chumas an scoláire tógáil ar a chuid foghlama go dtí seo, aithníonn sé a dhul chun cinn san fhoghlaim agus tacaíonn sé lena fhoghlaim amach anseo". Is é an smaoineamh atá mar bhonn agus mar thaca ag an bprionsabal seo gurb iad na heispéiris foghlama roimhe seo an leagann bhunchloch d'éachtaí níos déanaí agus go dtógann inniúlachtaí a foghlaimíodh níos luaithe ar a chéile le himeacht ama. Sa chéad chuid eile, féachfaimid ar ábharthacht agus ar chur i bhfeidhm an phrionsabail seo sa seomra OR.



@jct_RE www.jct.ie info@jct.ie

## Leanúachas agus Forbairt san OR

Tá sampla praiticiúil den phrionsabal seo á chur i ngníomh sa seomra OR le feiceáil i ndoiciméad pleanáil bíseach fhoireann OR a iarrann orainn machnamh a dhéanamh ní hamháin ar a gcaithfidh scoláirí foghlaim ach freisin ar na naisc is féidir leo a dhéanamh leis na réimsí eile de chlár foghlama an OR agus le heispéiris a saoil féin.



Leis an gcur chuige bíseach i leith na pleanála, mar sin, gach uair a thagann scoláirí ar ábhar, leathnaíonn sé a gcuid eolais agus forbraíonn siad scileanna sa phróiseas. Chun rochtain a fháil ar ár gcáipéis don phleanáil bhíseach, cliceáil anseo.

Sampla praiticiúil eile den phrionsabal seo is ea naisc thraschuraclaim a bhunú le hábhair eile, mar shampla, tá naisc thraschuraclaim ag ár n-acmhainn Lá na hEorpa le Stair, Béarla agus OSSP na sraithe sóisearaí. Trí naisc a chruthú idir dhá ábhar scoite nó níos mó, déanaimid níos fusa dár scoláirí tógáil ar an eolas atá acu cheana féin ar OR.

## Teicneolaíocht sa seomra ranga: Foirmeacha Google.

I leid teicneolaíochta na míosa seo, féachfaimid ar straitéis a spreagann scoláirí chun faisnéis a bhailiú a bhaineann le hábhar ar leith. Le foirmeacha Google, foghlaimíonn scoláirí chun ceisteanna ardchaighdeáin a dhearadh agus anailís a dhéanamh ar na torthaí ina dhiaidh sin chun teacht ar chonclúidí bailí. Baineann sé sin go háirithe le príomhscileanna na sraithe sóisearaí:

Google Forms



- Eolas agus smaointeoireacht a bhainistiú
- Cumarsáid a dhéanamh
- A bheith liteartha
- A bheith cruthaitheach
- Ag obair le daoine eile

Maidir lena úsáid sa seomra OR, d'fhéadfaí Foirmeacha Google a chomhlánú mar chleachtadh obair baile le bheith mar bhunús le plé sa chéad rang eile.
Ar an iomlán, d'fhéadfadh foirmeacha Google - agus ceistneoirí den chineál céanna ar líne - a bheith ina n-uirlis éifeachtach chun aiseolas a bhailiú nó i ndearadh ceistneoirí ar ghné ar leith den OR.

## OR agus na hEalaíona

Ar ár lá cnuasaigh le déanaí, chruthaigh muid eispéireas foghlama ailtireachta ag baint úsáid as an ardán Thinglink, áit a ndearna rannpháirtithe iniúchadh ar an mBúdach Boudhanath Stupa in Kathmandu, Neipeal. Cheadaigh an t-eispéireas foghlama áirithe seo modhanna iomadúla rannpháirtíochta le naisc fite tríd do CFL2 freisin.



Bhí an Búdachas le feiceáil sa nuacht le déanaí freisin agus osclaíodh an chéad Ionad tiomnaithe do Búdachas Zen in Éirinn i mBaile Átha Cliath. Cosúil leis an gCríostaíocht, tá roinnt brainsí den Bhúdachas ann. De réir an Daonáirimh dheireanaigh, bhí thart ar 10,000 duine ag dul den Bhúdachas in Éirinn. Is Éireannaigh ó dhúchas thart ar a leath díobh siúd a chleachtann Búdachas Zen. Tá an príomhionad i mBaile Átha Cliath ach tá baill ann ar fud na tíre atá in ann cleachtadh ar líne nó ag an Ionad nua Zen.



Maidir le OR na sraithe sóisearaí, d'fhéadfadh an t-eispéireas foghlama ailtireachta agus ionad Búdachas Zen araon a bheith suimiúil agus muid ag déanamh iniúchadh ar na cúig mhór-reiligiún dhomhanda sa tsonraíocht OR.

## Athfhriotal na Míosa

*“"Is é áilleacht agus teist ár sibhialtachta ár gcumas aontacht a bhaint amach san éagsúlacht."*

*M. K. Gandhi*

## Liosta seolta

Má tá aithne agaibh ar aon chomhghleacaithe nach bhfuair an nuachtlitir seo, spreag iad le bhur dtoil chun clárú ar an liosta seoltaí againn anseo :

Le gach dea-mhéin,

*Meas ó chroí as do chomhoibriú i rith 2021-2022*

*Foireann an Oideachais Reiligiúnaigh*